

AN PHLUID.

Bhí fear an fadó agus phós sé. Ní raibh aon duine aige ansoin ach athair. Bhí an oiread gráin aige ar athair ansoin agus lá seo gur rinne sé dhá leith dhe'n phluid agus thug sé leath dá athair agus dubhairt sé leis a bheith ag imteacht. Bhí mac aige ansoin a bhí seacht no ocht dhe bhlianta d'aois. "Tuige nac dtugann tú an phluid ar fad dhó" adeir sé leis an athair. "Tá a ceart ina leath" adeir sé "bhoil adeir an mac "cuir suas a leath ar a mbuimbéal agus tabhair aire dhi teastuigheann sí sin uaim-se" "Cé'n ghno atá a'd dhi." Adeir a t'athair nach dteastóchaidh sí uaim le t'aghaidh-sa" adeir sé.

"Ó ma's mar sin sin é" adeir a t'athair ní dibhreóchaidh mé chor a' bith é." Bí cinnte go b'eadh" adeir a mac. Cuaidh sé amach agus thug sé ar ais é agus bhí áit aige aríst go bhfuair sé bás.

11/9/32